

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1173 ÓN gCOIMISIÚN**an 15 Meitheamh 2023**

breiseáin bheathaithe áirithe a tharraingt siar ón margadh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1453/2004, Rialachán (CE) Uimh. 2148/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 943/2005

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(5) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdará breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Go háirithe, le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le rialaithe maidir le athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Le hAirteagal 10(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, forchuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún Rialachán a ghlacadh lena dtarraingítear siar ón margadh breiseáin bheathaithe nár cuireadh iarratais isteach ina leith mar a cheanglaítear le hAirteagal 10, le mír 2 agus le mír 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 roimh an spriocdháta dá bhforáiltear sna forálacha sin, nó ar cuireadh iarratas isteach ina leith ach a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart na breiseáin bheathaithe mar a liostaítear san Iarscríbhinn a tharraingt siar ón margadh.
- (4) Maidir le breiseáin bheathaithe ar cuireadh iarratais isteach ina leith le haghaidh speicis áirithe ainmhithe nó catagóirí áirithe ainmhithe agus le haghaidh na speiceas nó na gcatagóirí sin amháin, nó maidir le breiseáin bheathaithe ar tarraingíodh siar iarratais ina leith le haghaidh speicis áirithe ainmhithe nó catagóirí áirithe ainmhithe agus le haghaidh na speiceas nó na gcatagóirí sin amháin, níor cheart go mbainfeadh an tarraingt siar ón margadh ach leis na speicis ainmhithe agus na catagóirí ainmhithe nár cuireadh iarratas isteach ina leith nó ar tarraingíodh an t-iarratas siar ina leith.
- (5) Mar thoradh ar tharraingt siar na mbreiseáin beathaithe liostaithe ón margadh, is iomchuí na forálacha lena n-údaraítear iad a aisghairm. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 ón gCoimisiún ⁽³⁾ a leasú dá réir sin agus ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1453/2004 ⁽⁴⁾, (CE) Uimh. 2148/2004 ⁽⁵⁾ agus Uimh. 943/2005 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ a aisghairm.
- (6) Is iomchuí idirthréimhse a thabhairt inar féidir stoic atá ann cheana de na breiseáin, réamh-mheascáin, ábhair bheatha agus beatha cumaisc lena mbaineann a táirgeadh leis na breiseáin sin a ídiú, chun gur féidir le páirtithe leasmhara oiriúnú do tharraingt siar na dtáirgí sin ón margadh.
- (7) Maidir le tarraingt siar na dtáirgí ón margadh a liostaítear sa Iarscríbhinn, ní chiallaíonn sin nach gcuirfeadh cosc ar a n-údarú ná nach mbeidh siad faoi réir beart maidir lena stádas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2005 maidir le húdará nua ar feadh 10 mbliana i ndáil le breiseáin in ábhair bheatha, maidir le húdará buan breiseáin áirithe in ábhair bheatha agus maidir le húdará sealadach le haghaidh úsáidí nua breiseáin áirithe atá údaraithe cheana in ábhair bheatha (IO L 291, 5.11.2005, lch. 5).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1453/2004 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2004 maidir le húdará buan breiseáin áirithe in ábhair bheatha (IO L 269, 17.8.2004, lch. 3).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2148/2004 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2004 maidir le húdaruithe buana agus údaruithe sealadacha i ndáil le breiseáin áirithe agus maidir le húdará le haghaidh úsáidí nua i ndáil le breiseáin atá údaraithe cheana in ábhair bheatha (IO L 370, 17.12.2004, lch. 24).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 943/2005 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2005 maidir le húdará buan breiseáin in ábhair bheatha (IO L 159, 22.6.2005, lch. 6).

- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tarraingt siar ón margadh

Déanfar na breiseáin bheathaithe a shonraítear sa Iarscríbhinn a tharraingt siar ón margadh i ndáil leis na speicis ainmhithe nó na catagóirí ainmhithe faoi mar a luaitear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha i leith na mbreiseán beathaithe atá le tarraingt siar ón margadh

1. Na stoic atá ann cheana de na breiseáin bheathaithe a liostaítear san Iarscríbhinn, féadfar leanúint lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid go dtí an 6 Iúil 2024.
2. Réamh-mheascáin a tháirgtear leis na breiseáin dá dtagraítear i mír 1, féadfar leanúint lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid go dtí an 6 Deireadh Fomhair 2024.
3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a tháirgtear leis na breiseáin dá dtagraítear i mír 1 nó leis na réamh-mheascáin dá dtagraítear i mír 2, féadfar leanúint lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid go dtí an 6 Iúil 2025.

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 mar seo a leanas:

- (1) Scriostar Airteagal 3;
- (2) Scriostar Iarscríbhinn III.

Airteagal 4

Aisghairmeacha

Aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1453/2004, (CE) Uimh. 2148/2004 agus (CE) Uimh. 943/2005.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Breiseáin bheathaithe atá le tarraingt siar ón margadh, dá dtagraítear in Airteagal 1

CUID 1

Breiseáin bheathaithe atá le tarraingt siar ón margadh maidir le gach speiceas agus catagóir ainmhithe

Uimhir Aitheantais	Breiseán	Speiceas nó catagóir ainmhithe
Eiblitheoirí, cobhsaitheoirí, tiúsóirí agus oibreáin ghlóthúcháin		
E 433	Mona-oláit soirbhiotáin pholocseitiléine	Gach speiceas
E 413	Tragacant	Gach speiceas
Ceanglóirí, oibreáin frithstolptha agus téachtaigh		
E 561	Veirmicilít	Gach speiceas
E 599	Péirlít	Gach speiceas
Vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá mionsainithe ó thaobh na gceimiceán de agus atá ar aon éifeacht le chéile		
	Vitimín B ₁₂ nó Cianacóbalaímín. Gach foirm cé is moite d'ullmhóid cianacóbalaímín arna tháirgeadh ag <i>Ensifer adhaerens</i> CNCM I-5541 agus ina bhfuil ≤ 1 % de chianacóbalaímín, foirm sholadach [3a835] (¹).	Gach speiceas
Breiseáin sadhlais		
Miocrorgánaigh		
	<i>Lactobacillus casei</i> NBRC 3425 (ATCC 7469)	Gach speiceas
	<i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 (IFO 0203)	Gach speiceas
Einsímí		
	Aimileáis alfa EC 3.2.1.1 ó <i>Aspergillus oryzae</i> CBS 585.94	Gach speiceas
Datháin, lena n-áirítear líocha		
Datháin eile		
E 150b, E 150c agus E 150d	Dathanna caramail mar oibreáin dathúcháin atá údaraithe chun earraí bia a dhathú de réir rialacha an Chomhphobail	Gach speiceas
Blaistiú agus substaintí blaitithe		
Táirgí nádúrtha – sainithe ó thaobh na luibheolaíochta de		
	<i>Abies alba</i> Mill., <i>A. sibirica</i> Ledeb.: Ola spíonlaigh giúise CAS 8021-29-2 FEMA 2905 CoE 5 Einecs 294-351-9	Gach speiceas
	<i>Eleutherococcus senticosus</i> Rupr. et Maxim. = <i>Acanthopanax</i> s. Harms: Eastóscán fréimhe Taiga (bunaithe ar thuaslagóirí)	Gach speiceas
	<i>Helianthus annuus</i> L.: Dearbh-lus na gréine/Ola lus na gréine/Tintiúr lus na gréine	Gach speiceas
	<i>Origanum heracleoticum</i> L.: Eastóscán oragáin Ghréagaigh/olaróisín/ola oragáin Ghréagaigh	Gach speiceas
	<i>Origanum heracleoticum</i> L.: Ola oragáin	Gach speiceas

	<i>Petroselinum sativum</i> Hoffm. = <i>P. crispum</i> Mill. = <i>P. hortense</i> L.: Ola duilleoige peirsile CAS 8000-68-8 FEMA 2836 CoE 326 Einecs 281-677-1/Ola síl peirsile CAS 8000-68-8 CoE 326 Einecs 281-677-1	Gach speiceas
	<i>Trachyspermum ammi</i> (L.) Sprag. et Turr.: Ola Ajowan	Gach speiceas
	<i>Bupleurum rotundifolium</i> L.: Tintiúr bupleurum rotundifolium	Gach speiceas
	<i>Boswellia serrata</i> Roxb. ex Colebr.: Tintiúr olibanum	Gach speiceas
	<i>Bambusa</i> sp.: tintiúr	Gach speiceas
	<i>Pimenta dioica</i> L. Merr. = <i>P. officinalis</i> Lind L.: Ola ilspíosra CAS 8006-77-7 FEMA 2018 CoE 335 Einecs 284-540-4	Gach speiceas

Táirgí nádúrtha agus táirgí sintéiseacha comhfhreagracha

	CAS Uimh. 13678-67-6/Suilfid Difurfuryl/Flavis Uimh. 13.056	Gach speiceas
	CAS Uimh. 29606-79-9/Iseapúlagón/Flavis Uimh. 07.067	Gach speiceas
	CAS Uimh. 43052-87-5/alfa-Dhamascón/Flavis Uimh. 07.134	Gach speiceas
	CAS Uimh. 4437-22-3/Éitear difurfuryl/Flavis Uimh. 13.061	Gach speiceas
	CAS Uimh. 623-15-4/4-(2-Furyl)but-3-en-2-one/Flavis Uimh. F13.044	Gach speiceas

(¹) daraíodh an fhoirm sin vitimín B₁₂ nó cianacóbalaimín le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1249 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 maidir le húdarú vitimín B₁₂ i bhfoirm cianacóbalaimín arna tháirgeadh ag *Ensifer adhaerens* CNCM I-5541 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 191, 20.7.2022, lch. 10).

CUID 2

Breiseáin bheathaithe atá le tarraingt siar ón margadh maidir le speicis agus catagóirí ainmhithe áirithe

Uimhir Aitheantais	Breiseán	Speiceas agus catagóirí ainmhithe
Leasaithe		
E 250	Nítrít sóidiam	Madraí; Cait
Eiblitheoirí, cobhsaitheoirí, tiúsóirí agus oibreáin ghlóthúcháin		
E 406	Agar	Peataí agus ainmhithe eile nach nach bia-ainmhithe iad
Ceanglóirí, oibreáin frithstolptha agus téachtaigh		
E 567	Clinitililít de thionscnamh bolcánach	Muca, Éanlaith chlóis
Breiseáin sadhlais		
Substaintí		
	Teatrimín heicsimeitiléine	Bó-ainmhithe; Ainmhithe de chineál caorach; Muca; Éanlaith chlóis; Coiníní; Capaill; Gabhair
Einsímí		
E 1613	Ion -1,4-béite-xiolanáis/EC 3.2.1.8 arna tháirgeadh ag <i>Trichoderma longibrachiatum</i> (CNCM MA 6-10 W)	Béaróga; Turcailte lena ramhrú; Sicíní lena ramhrú

Datháin, lena n-áirítear líocha		
Datháin eile		
E 127	Eireatroisín mar oibreáin dathúcháin atá údaraithe chun earraí bia a dhathú de réir rialacha an Chomhphobail	Reiptílí; Cait
E 127	Eireatroisín [grúpa feidhmiúil 2 a (iii)]	Éisc ornáideacha
Blaistiú agus substaintí blaitithe		
Táirgí nádúrtha – sainithe ó thaobh luibheolaíochta de		
	<i>Humulus lupulus</i> L. flos: Eastóscán hopa (strobilus) ar mhóran béite-aigéad	Gach speiceas ainmhíoch cé is moite de mhuca atá bainte de dhiúl, muca lena ramhrú agus mionspeiceas mucúil atá bainte de dhiúl agus lena ramhrú
Táirgí nádúrtha agus táirgí sintéiseacha comhfhreagracha		
	CAS Uimh. 3188-00-9/4,5 -Déhidreach-2- -meitiolfúrán -3 (2H)-aon/Flavis Uimh. 13.042	Gach speiceas ainmhíoch cé is moite de pheataí
	CAS Uimh. 3658-77-3/4 - Hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3 (2H)-aon/Flavis Uimh. 13.010	Gach speiceas ainmhíoch cé is moite de pheataí
	CAS Uimh. 4180-23-8/1 - Meatócsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséin/Flavis Uimh. 04.010	Éanlaith chlóis agus iasc
	CAS Uimh. 97-53-0/Eoigeanól/Flavis Uimh. 04.003	Éanlaith chlóis
Vitimíní, próivitimíní agus substaintí atá mionsainithe ó thaobh na gceimiceán de agus atá ar aon éifeacht le chéile		
	Óimige-6 Aigéid shailleacha neamhsháithithe riachtanacha (mar aigéad octadecadienoic)	Cránacha lena n-atáirgeadh; Cránacha, d'fhonn a bheith tairbheach i mbainbh; Ba lena n-atáirgeadh